NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

# Ullmhúchán i gcomhair Teagaisc agus Foghlama i matamaitic na bunscoile

Baineann ullmhú le haghaidh teagaisc agus foghlama le hullmhúchán taifeadta, dofheicthe agus sofheicthe; atá ina ghnéithe comhlántacha riachtanacha chun tacú le heispéiris foghlama matamaitice rannphháirteacha foghlama a sholáthar do gach páiste. Tacaíonn ullmhúchán dá leithéid le soláthar timpeallachtaí saibhre foghlama, le heispéiris foghlama atá spraíúil agus rannpháirteach mar is cuí, agus le measúnú fiúntach.

Féadfaidh ullmhúchán agus pleanáil cabhrú leis an múinteoir freastal ar fhoghlaim matamaiticiúil gach páiste (na bpáistí uile), cur i bhfeidhm diongbháilte an churaclaim a chumasú agus tacú le cinnteoireacht maidir le cuir chuige oideolaíocha. Agus tú ag ullmhú don fhoghlaim i matamaitic na bunscoile, is tábhachtach teacht ar chothromaíocht idir deiseanna le haghaidh foghlaim sonraithe agus struchtúrtha a chur ar fáil, chomh maith le solúbthacht a chur ar fáil chun oscailteacht agus fiosrú deiseanna foghlama nach rabhthas ag súil leo a chur ar fáil.

**Ba cheart go bhfeidhmeodh uirlisí pleanála chun tacú le fís an mhúinteora le haghaidh foghlaim an pháiste, de réir mar a oibríonn siad i dtreo na Torthaí Foghlama a bhaint amach.**

| Freastal ar fhoghlaim mhatamaiticiúil gach páiste | An churaclam a chur i bhfeidhm go diongbháilte | Tacú le cinnteoireacht maidir le cuir chuige oideolaíocha |
|---|---|---|
| *Cabhraíonn pleanáil an páiste/na páistí a chur mar ábhar béime lárnach an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe i matamaitic na bunscoile.* | *Feidhmíonn pleanáil chun an curaclam a chur ina bheatha trí sholáthair eispéiris foghlama atá spraíúil agus rannpháirteach mar is cuí* | *Cabhraíonn pleanáil leis an múinteoir cinntí a dhéanamh maidir leis an tslí is fearr a d'fhéadfaí oideolaíocht a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais agus ar láidreachtaí na bpáistí uile, de réir mar a oibríonn siad i dtreo Torthaí Foghlama a bhaint amach.* |
| **Príomhbhreithnithe**<br>• Céard atá ar eolas agam faoi na páistí seo – a láidreachtaí, a riachtanais agus a suimeanna?<br>• Cad é raon agus scála na riachtanas i measc an ranga/ghrúpa?<br>• Conas is fearr a d'fhéadfadh an páiste dul i ngleic leis an bhfoghlaim beartaithe?<br>• Conas is fearr a d'fhéadfadh an páiste a chuid foghlama a léiriú?<br>• Conas is fearr a d'fhéadfadh an páiste é féin a chur in iúl agus é i mbun foghlama? | **Príomhbhreithnithe**<br>• Cén Toradh/Torthaí Foghlama a mbeidh béim orthu le haghaidh na foghlama?<br>• Cad í béim na foghlama nua?<br>• Cén fhoghlaim arbh fhéidir gur gá í a threisiú?<br>• Sa chás seo cad iad na heispéiris foghlama is cuí i dtaobh na rannpháirtíochta?<br>• Cén tacaíochtaí a bhféadfainn rochtain a fháil orthu chun tacú le mo chuid smaointeoireachta agus cinnteoireacht? | **Príomhbhreithnithe**<br>• Conas is fearr a d'fhéadfaí an timpeallacht foghlama a eagrú chun an fhoghlaim a bharrfheabhsú?<br>• Cén modhanna foghlama a d'fhéadfadh oibriú go maith, sa chás seo?<br>• Cad iad na cleachtais oideolaíocha a d'fhéadfadh a bheith úsáideach a chur i bhfeidhm chun tacú leis an bhfoghlaim?<br>• Cén ról atá agam mar mhúinteoir i dtacú le foghlaim an pháiste?<br>• Cad iad na hacmhainní teagaisc agus measúnaithe is úsáidí, seans? |